Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2459

6.11.2023

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2459 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22 Lúnasa 2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a shonrú i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2024–2027**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 11 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/973, tugtar de chumhacht don Choimisiún, ar bhonn na moltaí comhpháirteacha arna bhforbairt ag na Ballstáit, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí mhionsonraí maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a shonrú le haghaidh stoic uile na speiceas sa Mhuir Thuaidh a bhfuil feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leo faoi Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), mar a fhoráiltear in Airteagal 15(5), pointí (a) go (e), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 ón gCoimisiún ([3]) sonraítear na mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh ghrinnill áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2021–2023, tar éis moladh comhpháirteach a fháil ón mBeilg, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón tSualainn ('Grúpa Scheveningen'), a bhfuil leas díreach bainistíochta iascaigh acu sa Mhuir Thuaidh. Leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 in 2021 ([4]) agus in 2022 ([5]).

(3) Tar éis do Ghrúpa Scheveningen dul i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh agus leis an gComhairle Chomhairleach Pheiligeach, chuir sé moladh comhpháirteach tosaigh faoi bhráid an Choimisiúin an 1 Bealtaine 2023.

(4) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) an moladh comhpháirteach tosaigh a mheas le linn Chruinniú Iomlánach an 8-12 Bealtaine 2023 ([6]).

(5) An 12 Iúil 2023 rinne Grúpa Scheveningen leagan a tugadh cothrom le dáta den mholadh comhpháirteach a chur isteach.

(6) Rinne an Grúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú an moladh comhpháirteach a tugadh cothrom le dáta a mheas an 28 Iúil 2023 ag cruinniú a raibh Parlaimint na hEorpa i láthair ann mar bhreathnóir.

([1]) IO L 179, 16.7.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2020 lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2021–2023 (IO L 415, 10.12.2020, lch. 10).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2062 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2021–2023 (IO L 421, 26.11.2021, lgh. 4).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2289 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 a mhéid a bhaineann le díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh 2023 (IO L 303, 23.11.2022, lgh. 6).

([6]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

(7) Faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/973, rinne an Coimisiún an moladh comhpháirteach a tugadh cothrom le dáta a mheas i bhfianaise mheasúnú CETEI ar an moladh comhpháirteach tosaigh chun a áirithiú go bhfuil an moladh comhpháirteach a tugadh cothrom le dáta comhoiriúnach le bearta caomhnúcháin ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

(8) Chuir an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh freisin: (i) meastar go dtabharfar tuilleadh faisnéise sa mheasúnú atá ar na bacáin maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach Aontais na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír; agus (ii) thug CETEI dá aire gur neamhéifeachtúil an próiseas atá ann faoi láthair chun meastóireacht a dhéanamh ar mholtaí comhpháirteacha, gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh maidir le conas is féidir é a fheabhsú a thuilleadh agus go bhféadfaí, le machnamh den sórt sin, plé a dhéanamh ar shaincheisteanna sonraí agus bealaí nua a aimsiú chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a fheabhsú ([7]).

(9) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le gliomaigh na hIorua a ghabhtar le tráil ghrinnill, lena n-áirítear tráil ghrinnill a bhfuil gairis roghnaíochta acu, i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ('ICES'). D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid, cé nár cuireadh isteach aon staidéar nua, go ndearnadh na staidéir roimhe seo maidir le hinmharthanacht ar bhealach láidir ([8]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(10) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le sóil choiteanna a ghabhtar le tráil ghrinnill i roinn 4c ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid gur láidir an fhianaise a soláthraíodh agus go dtacaíonn sí leis an díolúine a iarradh ([9]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(11) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le foghabháil na speiceas uile atá faoi réir teorainneacha gabhála i bpotaí agus i bhfaidhclíonta i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid gur dócha go mbeidh básmhaireacht na n-iasc aischurtha íseal agus gur diomaibhseach iad na gabhálacha iarbhír ([10]). Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(12) Áiríodh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le gabháil agus foghabháil leathóg a ghabhtar le heangacha, saighní Danmhargacha agus tráil ghrinnill a bhfuil sonraíochtaí éagsúla mogallmhéide acu in uiscí an Aontais i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil leibhéal measta na n-ábhar muirí aischurtha ard agus go bhfuil na rátaí marthanais athraitheach ([11]). Sna blianta roimhe sin ([12]), thug CETEI le fios go raibh ard-inmharthanacht ann i dtaca le heangacha agus le saighní Danmhargacha agus go raibh siad níos athraithí maidir le sonraíochtaí éagsúla mogallmhéide na dtrál grinnill. Thairis sin, thug CETEI dá aire sna measúnuithe roimhe seo gurb iad séasúracht agus fad na neamhchosanta ar aer na príomhfhachtóirí a mbíonn tionchar acu ar rátaí marthanais leathóg. Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar choinníoll go scaoilfear saor láithreach na gabhálacha de thaisme maidir leis an leathóg.

---

([7]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([8]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([9]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([10]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([11]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([12]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2147402/STECF+PLEN+18-02.pdf

(13) Áiríodh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le leathóga faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le trealamh tráil bhíoma (BT2) 80-119 mm (BT2) i bhfolimistéar 4 ICES, le haghaidh soithí a bhfuil sonraíochtaí éagsúla cumhachta innill acu, gairis roghnaitheacha sonracha agus soithí a chuireann an plean oibre um Iascaigh Lándoiciméadaithe chun feidhme. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na rátaí aischuir ard, go bhfuil na rátaí marthanais athraitheach agus go bhfuil siad ar na rátaí is ísle sna ranna ina bhfuil na gabhálacha is airde ([13]). Mar sin féin, tá obair fós ar siúl sna hiascaigh lena mbaineann chun feabhas a chur ar an roghnaíocht agus ar na dóchúlachtaí marthanais. Chun go bhféadfaí leanúint den obair sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(14) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le turbaird a ghabhtar le tráil bhíoma i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid gur dócha go mbeidh tionchar na díolúine íseal, i bhfianaise leibhéal na n-ábhar muirí aischurtha agus rátaí marthanais an turbaird. Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(15) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le sciataí agus roic a ghabhtar le tráil ghrinnill i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid, cé go bhfuil an inmharthanacht athraitheach de réir trealaimh agus séasúir, go bhfuil leibhéal an chomhair idir na Ballstáit suntasach agus gurb í an díolúine a spreag an taighde a rinneadh maidir le hinmharthanacht. Thairis sin, gheall na Ballstáit sa mholadh comhpháirteach a tugadh cothrom le dáta meitea-anailís a dhéanamh ar mharthanas arb é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar éifeacht fhoriomlán na díolúine. Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(16) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine ard-inmharthanachta maidir le gabhálacha ronnach Atlantach agus scadán sna hiascaigh peaslín saighne i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a tíolacadh mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus, cé nach bhféadfadh sé a fhíorú, maidir leis na coinníollacha le linn na dturgnamh, cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha sin ionadaíoch ar na coinníollacha a bhaineann le hoibríochtaí iascaireachta tráchtála, tháinig sé ar an gconclúid gurb iad na meastacháin mharthanais 70 % i gcás ronnach Atlantach agus scadán is fearr atá ar fáil d'iascaigh peaslín saighne ([14]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(17) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le sóil choiteanna a ghabhtar le traimlí agus le heangacha geolbhaigh i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil an fhianaise a soláthraíodh teoranta; mar sin féin, thug CETEI le fios gur dócha go mbeadh caillteanais tráchtála ann mar thoradh ar na cúiseanna a thug na Ballstáit maidir le feabhsuithe ar an roghnaíocht a dhéantar trí mhogallmhéideanna a mhéadú ([15]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(18) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le sóil choiteanna faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil bhíoma a bhfuil mogallmhéid 80-119 mm acu agus atá feistithe le painéal Pléimeannach i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI athbhreithniú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh teorainn leis an bhfaisnéis, ach thug sé le fios ina thuarascáil gur bhain an díolúine le húsáid modhnaithe trealaimh lenar léiríodh gur féidir léi leibhéal na ngabhálacha de thaisme a laghdú ([16]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

---

([13]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([14]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([15]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([16]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

(19) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le sóil choiteanna, cadóga, faoitíní, troisc, glasáin agus colmóirí san iascach le haghaidh ghliomaigh na hIorua a dhéanann soithí le tráil ghrinnill a bhfuil mogallmhéid atá cothrom le nó níos mó ná 70 mm acu agus atá feistithe le gairis roghnaitheacha i roinn 3a ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh bunús maith leis an díolúine sna blianta roimhe sin agus go raibh baint aici le húsáid trealamh roghnaitheach cruthaithe ([17]). Ós rud é nár tháinig athrú ar na himthosca agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(20) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le gabháil sól coiteann, cadóg, faoitíní, trosc, leathóg, glasán, scadán, trosc Ioruach, airgintíní móra agus faoitíní gorma san iascach le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar na sonraí a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh bunús maith leis an díolúine sna blianta roimhe sin agus go raibh baint aici le húsáid éigeantach trealamh an-roghnaitheach ([18]). Ós rud é nár tháinig athrú ar na himthosca agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(21) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le faoitíní faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil ghrinnill i roinn 3a ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus thug sé le fios ina thuarascáil go mbeadh caillteanais dhíréireacha de ghabhálacha indíolta speiceas eile ann mar thoradh ar an roghnaíocht le haghaidh faoitíní sna hiascaigh sin a fheabhsú ([19]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(22) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le leathóga faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil ghrinnill atá feistithe le painéal SepNep in iascaigh le haghaidh ghliomach na hIorua in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid, cé go raibh teorainn leis an bhfaisnéis nua a cuireadh isteach chun tacú leis an díolúine, go bhfuil na measúnuithe a rinne CETEI roimhe seo fós ábhartha toisc gur dócha go laghdófar gabhálacha de thaisme nuair a bheidh na tráil ghrinnill feistithe le painéal SepNep ([20]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(23) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir leis na speicis uile atá faoi réir teorainneacha gabhála san iascach le haghaidh séaclaí coiteanna a ghabhtar le tráil bhíoma a bhíonn feistithe le linn na bliana le gairis roghnaitheacha éagsúla i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]) i ranna 4b agus 4c ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine le sonraíochtaí áirithe. Rinne CETEI measúnú ar na sonraí a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh bunús maith leis an díolúine a iarradh sna blianta roimhe sin mar gheall ar chostais dhíréireacha agus mar go bhfuil sé deacair feabhas a chur ar an roghnaíocht. Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

---

([17]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([18]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([19]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([20]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

([21]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

(24) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le langaí faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil ghrinnill i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar na sonraí a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid, cé go raibh teorainn leis an bhfaisnéis nua chun tacú leis an díolúine, go bhfuil leibhéal na ngabhálacha de thaisme maidir leis an langa íseal san iascach sin, agus dá bhrí sin, gur dócha go mbeidh tionchar diomaibhseach ar an stoc ([22]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(25) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le faoitíní faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil ghrinnill nó le saighní a bhfuil mogallmhéid 70-99 mm (TR2) acu in uiscí an Aontais i ranna 4a, 4b agus 4c ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus thug sé le fios ina thuarascáil, cé gur cineálach an fhaisnéis nua agus gur féidir feabhas a chur ar an roghnaíocht, go dtiocfadh caillteanais shuntasacha tráchtála as na gairis roghnaitheacha a ndearnadh tástáil orthu i dtionscadail taighde éagsúla ([23]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(26) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le faoitíní faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil bhíoma a bhfuil mogallmhéid 80-119 mm acu in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh argóintí réasúnta sna sonraí a thug na Ballstáit maidir leis na costais dhíréireacha a bhaineann le stóráil agus láimhseáil ar bord agus maidir leis an gcúis a bhfuil sé deacair feabhas a chur ar an roghnaíocht ([24]). Thairis sin, gheall na Ballstáit sa mholadh comhpháirteach a tugadh cothrom le dáta tuilleadh taighde a dhéanamh maidir le costais dhíréireacha. Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(27) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le comhchainníocht ronnach Atlantach, bolmán agus faoitíní a ghabhtar le tráil pheiligeacha suas le 25 mhéadar ar fad i ranna 4b agus 4c ICES ó dheas ó 54 chéim ó thuaidh. Rinne CETEI measúnú ar na sonraí a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus, tháinig sé ar an gconclúid, cé go bhfuil teorainn leis an bhfaisnéis chun tacú leis an díolúine, go bhfuil leibhéal na ngabhálacha de thaisme íseal agus go léirítear sna torthaí trialacha roghnaíochta ó iascaigh eile ronnach Atlantach agus scadán go bhfuil sé deacair feabhas a chur ar an roghnaíocht ([25]). Ar an gcúis sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(28) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le comhchainníocht salán, corr ghainimh, trosc Ioruach agus faoitíní gorma in iascaigh tráil ghrinnill i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid gur dócha go bhfuil an díolúine réasúnta, go bhfuil bunús maith léi agus go bhfuil leibhéal na ngabhálacha de thaisme íseal. Ina theannta sin, thug CETEI le fios ina thuarascáil gur réasúnta an fhaisnéis cháilíochtúil a tugadh sna blianta roimhe sin chun tacú leis na costais dhíréireacha a bhaineann le gabhálacha de thaisme ar bord agus gur deacair feabhas a chur ar an roghnaíocht ([26]). Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

([22]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd
([23]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd
([24]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd
([25]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd
([26]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

(29) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le langaí faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar in iascaigh ghrinnill le haghaidh colmóirí ina n-úsáidtear spiléir i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid, cé go raibh teorainn leis an bhfaisnéis chun tacú leis an díolúine, gur cosúil go bhfuil leibhéal na ngabhálacha de thaisme íseal agus gur rud réasúnta é an argóint gur deacair an roghnaíocht a bhaint amach ([27]). Thairis sin, thug CETEI le fios sna measúnuithe roimhe seo gurbh inchreidte na hargóintí maidir leis na deacrachtaí a bhaineann le feabhas a chur ar an roghnaíocht ([28]). Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(30) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 dhá dhíolúine *de minimis* maidir le bolmáin a ghabhtar le tráil ghrinnill ag a bhfuil mogallmhéid idir 80-99 mm (TR2) agus maidir le ronnaigh Atlantacha a ghabhtar san iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill ag a bhfuil mogallmhéid idir 80-99 mm (TR2) i ranna 4b agus 4c ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí de na díolúintí sin. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid, cé go raibh teorainn leis na sonraí nua a cuireadh ar fáil, bunaithe ar na sonraí a cuireadh isteach, go bhfuil leibhéal na ngabhálacha de thaisme maidir leis an mbolmán agus leis an ronnach Atlantach íseal. Thairis sin, bhí údar réasúnta leis an bhfaisnéis a tugadh maidir leis an díolúine sin ar fhorais na gcostas díréireach. Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(31) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le faoitíní gorma san iascach peiligeach tionsclaíoch i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar na sonraí a cuireadh isteach mar chuid den mholadh chomhpháirteach agus tháinig sé ar an gconclúid, cé go raibh teorainn leis an bhfaisnéis a thacaíonn leis an argóint gur deacair an roghnaíocht a bhaint amach agus go raibh teorainn le costais dhíréireacha a bhaineann le láimhseáil gabhálacha de thaisme, gur dócha gur beag an méid gabhála de thaisme maidir le faoitíní gorma i gcomparáid leis an ngabháil iomlán a dhéanann an soitheach tionsclaíoch a bhaineann leas as an díolúine sin agus nach mbeadh tionchar aici ar an stoc foriomlán faoitíní gorma ([29]). Ar an gcúis sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú le hUiscí an Iarthuaiscirt agus Uiscí an Iardheiscirt, agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(32) Áirítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 díolúine *de minimis* maidir le séaclaí Artacha san iascach grinnill a ghabhtar le tráil a bhfuil mogallmhéideanna os cionn 70 mm acu i roinn 3a ICES agus os cionn 80 mm i bhfolimistéar 4 ICES. D'iarr na Ballstáit go leanfaí den díolúine. Rinne CETEI measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach mar chuid den mholadh comhpháirteach tosaigh agus tháinig sé ar an gconclúid gur dócha go bhfuil an díolúine réasúnta agus go bhfuil bunús maith léi. Thairis sin, thug CETEI le fios ina thuarascáil go bhfuil sé réasúnta glacadh leis go mbeadh sé deacair a bhaint amach dá gcuirfí feabhas ar an roghnaíocht a thuilleadh chun an méid beag gabhála de thaisme san iascach a laghdú ([30]). Ar na cúiseanna sin agus ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (7) agus (8) thuas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

(33) Tá na bearta sa mholadh comhpháirteach a tugadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 15(4), Airteagal 15(5), pointe (c), agus Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus le Rialachán (AE) 2018/973, go háirithe Airteagal 11 de, agus féadfar iad a áireamh sa Rialachán seo dá bhrí sin.

(34) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta ag soithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

(35) Ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2024,

([27]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd
([28]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2694823/STECF+20-04+-+Eval+JRs+LO+and+TM+Reg.pdf/6176f9ad-0855-4985-b7de-64685862b6cb
([29]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd
([30]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/61703874/STECF+23-0406+-+Ev+JRs+LO.pdf/5cf75911-6a7f-4aa5-be7d-3f371440b2bd

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'painéal Pléimeannach' an chuid eangaí barrchaolaithe deiridh de thrál bíoma lena ngabhann na nithe seo a leanas:

— tá an cúl ceangailte go díreach leis an soc-fhoirceann;

— déantar na codanna eangaí uachtair agus íochtair as mogall 120 mm ar a laghad arna thomhas idir na snaidhmeanna;

— 3 m ar a laghad atá san fhad sínte;

(2) ciallaíonn 'painéal scaoilte beantóis' painéal de mhogall níos mó nó painéal d'eangach mogaill chearnógaigh atá feistithe ar an bpainéal íochtair de thrál, trál bíoma de ghnáth, chun aon ábhar beantach agus smionagar ar ghrinneall na farraige a scaoileadh saor sula dtéann sé isteach sa soc-fhoirceann;

(3) ciallaíonn 'SepNep' trál dobharchú:

— a thógtar laistigh de mhogallmhéideanna sa réimse 80 go 99 +≥ 100 mm;

— atá feistithe le soc-fhoircinn a bhfuil mogallmhéideanna sa réimse 80 go 120 mm ar a laghad acu agus atá ceangailte le síneadh aonair, leis an soc-fhoirceann is uachtaraí a tógadh as mogallmhéid 120 mm ar a laghad agus atá feistithe le painéal deighilte a bhfuil mogallmhéid uasta 105 mm aige;

— a d'fhéadfadh, ina theannta sin, a bheith feistithe le greille roghnaíoch roghnach a bhfuil spás 17 mm ar a laghad idir a barraí, ar an gcoinníoll go dtógtar í ar bhealach a fhágfaidh gur féidir le gliomaigh bheaga na hIorua éalú.

*Airteagal 2*

**An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme**

In uiscí an Aontais sa Mhuir Thuaidh (roinn 3a agus folimistéar 4 ICES), beidh feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá bhforáiltear in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le hiascaigh ghrinnill agus pheiligeacha atá faoi réir teorainneacha gabhála i gcomhréir leis an Rialachán seo le haghaidh na tréimhse 2024–2027.

*Airteagal 3*

**Díolúintí inmharthanachta maidir le gliomaigh na hIorua**

1. Beidh feidhm ag an díolúine inmharthanachta dá bhforáiltear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 in uiscí an Aontais sa Mhuir Thuaidh (roinn 3a agus folimistéar 4 ICES) maidir leis na gabhálacha seo a leanas de ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*):

(a) gabhálacha a dhéantar le potaí (FPO [31]);

(b) gabhálacha le tráil ghrinnill (OTB, OTT, TBN) atá feistithe le:

(i) soc-fhoirceann atá cothrom le nó níos mó ná 80 mm; nó

(ii) soc-fhoirceann a bhfuil mogallmhéid 70 mm ar a laghad aige agus atá feistithe le greille roghnach speiceas a bhfuil spás uasta 35 mm idir a barraí.

2. I gcás ina n-aischuirtear gliomach na hIorua a ghabhtar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, scaoilfear saor gliomach na hIorua ina n-iomláine, láithreach agus san áit ina ngabhtar é.

[31] Leagtar amach na cóid trealaimh a úsáidtear sa Rialachán seo in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 an 8 Aibreán 2011 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1). I gcás soithí ar lú a bhfad iomlán ná 10 méadar, leagtar amach na cóid trealaimh a úsáidtear sa Rialachán seo in aicmiú trealaimh Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe.

*Airteagal 4*

**Díolúine inmharthanachta maidir le sóil choiteanna**

1. Beidh feidhm ag an díolúine inmharthanachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le sól coiteann (*Solea solea*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil dobharchú (OTB) le mogallmhéid soc-fhoircinn 80 go 99 mm in uiscí an Aontais i roinn 4c ICES, laistigh de shé mhuirmhíle ón gcósta ach lasmuigh d'iasclanna a sainaithníodh.

2. Ní bheidh feidhm ag an díolúine dá dtagraítear i mír 1 ach amháin maidir le soithí a bhfuil uasfhad 10 méadar agus cumhacht innill uasta 221 kW ach, a dhéanann iascaireacht in uiscí a bhfuil doimhneacht 30 méadar nó níos lú iontu agus ar lú ná 90 nóiméad a n-agaí tarraingthe.

3. I gcás ina n-aischuirtear an sól coiteann a ghabhtar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, scaoilfear saor an sól coiteann láithreach.

*Airteagal 5*

**Díolúine inmharthanachta maidir le foghabháil na speiceas uile atá faoi réir teorainneacha gabhála i bpotaí agus i bhfaidhclíonta**

1. An díolúine inmharthanachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm aici maidir leis na speicis uile atá faoi réir teorainneacha gabhála a ghabhtar le potaí (FPO) agus le faidhclíonta (FYK) in uiscí an Aontais i roinn 3a agus folimistéar 4 ICES.

2. I gcás ina n-aischuirtear an t-iasc a ghabhtar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, scaoilfear saor an t-iasc láithreach agus faoi dhromchla na farraige.

*Airteagal 6*

**Díolúine inmharthanachta maidir le gabháil agus foghabháil leathóg**

1. Beidh feidhm ag an díolúine inmharthanachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 in uiscí an Aontais i roinn 3a agus folimistéar 4 ICES maidir leis na gabhálacha leathóg (*Pleuronectes platessa*) seo a leanas:

(a) gabhálacha le heangacha (GNS, GTR, GTN, GEN);

(b) gabhálacha le saighní Danmhargacha;

(c) gabhálacha le tráil ghrinnill (OTB, PTB):

   (i) a bhfuil mogallmhéid 120 mm ar a laghad acu, lena ndírítear ar leathóga nó ar éisc chruinne in uiscí an Aontais i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES;

   (ii) a bhfuil mogallmhéid 90 mm go 119 mm acu, atá feistithe le painéal Seltra ag a bhfuil barrphainéal a bhfuil mogallmhéid 140 mm (mogall cearnógach) aige, barrphainéal a bhfuil mogallmhéid 270 mm (mogalra muileatach) aige nó barrphainéal a bhfuil mogallmhéid 300 mm (mogall cearnógach) aige, nó i bhforoinn Kattegat, painéal a bhfuil mogall cearnógach 120 mm ar a laghad aige sa tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig gach bliain a dhíríonn ar éisc leathógacha nó ar éisc chruinne in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;

   (iii) a bhfuil mogallmhéid 80 go 119 mm acu, lena ndírítear ar leathóga nó ar éisc chruinne in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES.

2. I gcás ina n-aischuirtear an leathóg a ghabhtar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, scaoilfear saor an leathóg láithreach.

*Airteagal 7*

**Díolúine inmharthanachta maidir le leathóga faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe**

1. An díolúine inmharthanachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm aici in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES maidir le gabhálacha leathóg (*Pleuronectes platessa*) atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar le tráil bhíoma (BT2) 80 go 119 mm má ghabhtar an leathóg ar na bealaí seo a leanas:

(a) le trealaimh atá feistithe le téad frithchloch nó le painéal scaoilte beantóis (BRP) agus a ghabhann soithí ar mó ná 221 kW a gcumhacht innill; nó

(b) soithí na mBallstát a chuireann an plean oibre um Iascaigh Lándoiciméadaithe chun feidhme.

2. Beidh feidhm ag an díolúine dá dtagraítear i mír 1 freisin maidir le héisc leathógacha a ghabhtar le tráil bhíoma (BT2) ag soithí ag a bhfuil cumhacht innill nach mó ná 221 kw nó níos lú ná 24 m ar fhad iomlán, a thógtar le bheith ag iascaireacht sa limistéar dhá mhíle dhéag, más lú ná 90 nóiméad meánfhad an tráil.

3. I gcás ina n-aischuirtear an leathóg a ghabhtar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, scaoilfear saor an leathóg láithreach.

*Airteagal 8*

**Díolúine inmharthanachta maidir le turbaird**

1. An díolúine inmharthanachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm aici in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES maidir le gabhálacha turbard *(Scophthalmus maximus)* a dhéantar le tráil bhíoma (TBB) a bhfuil soc-fhoirceann atá cothrom le nó níos mó ná 80 mm acu.

2. I gcás ina n-aischuirtear an turbard a ghabhtar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, scaoilfear saor an turbard láithreach.

*Airteagal 9*

**Díolúine inmharthanachta maidir le sciataí agus roc**

1. An díolúine inmharthanachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm aici maidir le scátaí agus roic (*Rajiformes*) a ghabhtar le trealamh iascaireachta in uiscí an Aontais sa Mhuir Thuaidh (roinn 3a agus folimistéar 4 ICES).

2. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu meitea-anailís ar mharthanas arb é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar thionchar na díolúine a chur isteach tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2027. Déanfaidh CETEI measúnú ar an bhfaisnéis eolaíoch a thabharfar faoin 31 Iúil 2027.

3. I gcás ina n-aischuirtear sciataí agus roic a ghabhtar sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, scaoilfear saor na sciataí agus na roic láithreach.

*Airteagal 10*

**Díolúine inmharthanachta maidir le gabhálacha ronnach Atlantach agus scadán san iascach peaslín saighne**

1. An díolúine inmharthanachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm aici maidir le ronnaigh Atlantacha (*Scomber scombrus*) agus scadáin (*Clupea harengus*) a ghabhtar san iascach peaslín saighne in uiscí an Aontais sa Mhuir Thuaidh (roinn 3a agus folimistéar 4 ICES), má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) scaoilfear saor an ghabháil sula ndúnfar na céatadáin den pheaslíon saighne a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 ('an pointe aisghabhála');

(b) tá an trealamh peaslín saighne feistithe le baoi infheicthe lena marcálfar go soiléir an teorainn atá leis an bpointe aisghabhála;

(c) tá an soitheach agus an trealamh peaslín saighne feistithe le córas leictreonach lena ndéantar taifead agus doiciméadú maidir leis an uair a rinneadh an peaslíon saighne a tharraing le haghaidh na n-oibríochtaí iascaireachta uile, áit a rinneadh é agus a mhéid a rinneadh é.

2. Dúnadh 80 % den pheaslíon saighne a bheidh sa phointe aisghabhála in iascaigh le haghaidh ronnach Atlantach agus dúnadh 90 % den pheaslíon saighne in iascaigh le haghaidh scadán.

3. Más rud é go bhfuil meascán den dá speiceas i scoil timpeallaithe na n-iasc, dúnadh 80 % den pheaslíon saighne a bheidh sa phointe aisghabhála.

4. Beidh toirmeasc ar ghabhálacha ronnach Atlantach agus scadán a scaoileadh saor tar éis an phointe aisghabhála.

5. Déanfar scoil timpeallaithe na n-iasc a shampláil sula scaoilfear í chun meastachán a dhéanamh ar chomhdhéanamh na speiceas, comhdhéanamh mhéid na n-iasc agus ar an gcainníocht.

*Airteagal 11*

**Díolúintí de minimis maidir leis an iascach peiligeach agus grinnill**

1. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, féadfar na cainníochtaí seo a leanas a aischur de bhun Airteagal 15(4), pointe (c) den Rialachán sin:

(a) Sna hiascaigh le haghaidh sól coiteann ag soithí a úsáideann traimlí agus eangacha geolbhaigh (GN, GNS, GND, GNC, GTN, GTR, GEN, GNF) in uiscí an Aontais sa Mhuir Thuaidh (roinn 3a agus folimistéar 4 ICES):

cainníocht sól coiteann (*Solea solea*) faoi bhun agus os cionn na híosmhéide tagartha caomhnaithe, cainníocht nach mó ná 3 % de ghabhálacha bliantúla iomlána an speicis sin;

(b) sna hiascaigh le haghaidh sól coiteann ag soithí a úsáideann tráil bhíoma (TBB) a bhfuil mogallmhéid 80-119 mm acu, atá feistithe le painéal Pléimeannach, in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht sól coiteann (*Solea solea*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, cainníocht nach mó ná 5 % de ghabhálacha bliantúla iomlána an speicis sin;

(c) san iascach le haghaidh ghliomaigh na hIorua ag soithí a úsáideann tráil ghrinnill (OTB, OTT, TBN) a bhfuil mogallmhéid atá cothrom le nó níos mó ná 70 mm acu, atá feistithe le greille atá roghnaíoch ó thaobh speicis a bhfuil spás uasta 35 mm idir a barraí, in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES:

comhchainníocht sól coiteann (*Solea solea*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), faoitíní (*Merlangius merlangus*), trosc (*Gadus morhua*), glasán (*Pollachius virens*) agus colmóirí (*Merluccius merluccius*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, comhchainníocht nach mó ná 4 % de na gabhálacha bliantúla iomlána de ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*), sól coiteann, cadóg, faoitíní, séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*), trosc, glasán agus colmóirí;

(d) san iascach le haghaidh séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) ag soithí a úsáideann tráil ghrinnill (OTB, OTT) a bhfuil mogallmhéid atá cothrom le nó níos mó ná 35 mm acu agus atá feistithe le greille atá roghnaíoch ó thaobh speicis a bhfuil spás uasta 19 mm idir a barraí, agus le sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte, in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES:

comhchainníocht sól coiteann (*Solea solea*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), faoitíní (*Merlangius merlangus*), trosc (*Gadus morhua*), leathóg (*Pleuronectes platessa*), glasán (*Pollachius virens*), scadán (*Clupea harengus*), trosc Ioruach (*Trisopterus esmarkii*), airgintíní móra (*Argentina silus*) agus faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe i gcás inarb ann dó, comhchainníocht nach mó ná 5 % de na gabhálacha bliantúla iomlána de ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*), sól coiteann, cadóg, faoitíní, trosc, leathóg, glasán, scadán, séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*), colmóirí (*Merluccius merluccius*), trosc Ioruach, airgintíní móra agus faoitíní gorma;

(e) sna hiascaigh ag soithí a úsáideann tráil ghrinnill (OTB, OTT, TBN, PTB) a bhfuil mogallmhéid 90-119 mm acu, atá feistithe le painéal Seltra ag a bhfuil barrphainéal a bhfuil mogallmhéid 140 mm aige (mogall cearnógach), barrphainéal a bhfuil mogallmhéid 270 mm (mogalra muileatach) aige nó barrphainéal a bhfuil mogallmhéid 300 mm (mogall cearnógach) aige, nó tráil ghrinnill (OTB, OTT, TBN, PTB) a bhfuil mogallmhéid atá cothrom le nó níos mó ná 120 mm acu in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES:

cainníocht faoitíní (*Merlangius merlangus*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, cainníocht suas le huasmhéid 2 % de na gabhálacha bliantúla iomlána faoitíní, ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*), trosc (*Gadus morhua*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), glasán (*Pollachius virens*), sól coiteann (*Solea solea*), leathóg (*Pleuronectes platessa*) agus colmóirí (*Merluccius merluccius*);

(f) sna hiascaigh le haghaidh ghliomaigh na hIorua ag soithí a úsáideann tráil ghrinnill a bhfuil mogallmhéid 80-99 mm acu, atá feistithe le SepNep, in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht leathóg (*Pleuronectes platessa*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, nach sáróidh 3 % de ghabhálacha bliantúla iomlána ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*), leathóg (*Pleuronectes platessa*), glasán (*Pollachius virens*), cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*), faoitíní (*Merlangius merlangus*), trosc (*Gadus morhua*), séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) agus sól coiteann (*Solea solea*);

(g) sna hiascaigh le haghaidh séaclaí coiteanna le tráil bhíoma a úsáideann mogallmhéid 22 mm ar a laghad agus atá feistithe le greille sórtála, líon criathrúcháin nó aon ghaireas roghnaíochta eile atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, in uiscí an Aontais i ranna 4b agus 4c ICES:

cainníocht de na speicis uile atá faoi réir teorainneacha gabhála, cainníocht nach sáróidh 5 % de ghabhálacha bliantúla iomlána na speiceas uile atá faoi réir teorainneacha gabhála a dhéantar sna hiascaigh sin;

(h) sna hiascaigh ghrinnill ag soithí a úsáideann tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB) a bhfuil mogallmhéid atá cothrom le nó níos mó ná 120 mm acu agus a ghabhann langaí in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht langaí *(Molva molva)* faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, cainníocht nach mó ná 3 % de na gabhálacha bliantúla iomlána langaí san iascach sin;

(i) sna hiascaigh mheasctha ghrinnill ag soithí a úsáideann tráil ghrinnill (OTB, OTT) nó saighní (SDN, SSC) a bhfuil mogallmhéid 70-99 mm (TR2) acu in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht faoitíní (*Merlangius merlangus*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, comhchainníocht nach mó ná 4 % de na gabhálacha bliantúla iomlána faoitíní;

(j) san iascach grinnill measctha ag soithí a úsáideann tráil bhíoma a bhfuil mogallmhéid 80-119 mm acu in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht faoitíní (*Merlangius merlangus*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, cainníocht nach sáróidh 2 % de na gabhálacha bliantúla iomlána leathóg (*Pleuronectes platessa*) agus sól coiteann (*Solea solea*);

(k) in iascaigh pheiligeacha a dhéantar le trálaeir pheiligeacha suas le 25 mhéadar ar fad san iomlán, a úsáideann tráil mheánuisce (OTM/PTM) agus atá dírithe ar ronnaigh Atlantacha, bolmáin agus scadáin i ranna 4b agus 4c ICES ó dheas ó 54 chéim ó thuaidh:

comhchainníocht ronnach Atlantach (*Scomber scombrus*), bolmán (*Trachurus spp*.), agus faoitíní (*Merlangius merlangus*) nach mó ná 1 % de na gabhálacha bliantúla iomlána, bolmán agus faoitíní;

(l) san iascach grinnill measctha le tráil (OTB, OTM, OTT, PTB, PTM, SDN, SPR, SSC, TB, TBN, TBS) a bhfuil mogallmhéideanna os cionn 80 mm acu i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES agus san iascach le haghaidh séaclaí Artacha a dhéantar faoi na coinníollacha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 agus in Skagerrak (roinn 3an ICES) atá feistithe le gléas coinneála éisc mar a shainmhínítear san iarscríbhinn sin:

comhchainníocht salán (*Sprattus sprattus*), corr ghainimh (*Ammodytes* spp.), trosc Ioruach (*Trisopterus esmarkii*) agus faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*), comhchainníocht nach mó ná 0,1 % de na gabhálacha bliantúla iomlána salán, corr ghainimh, trosc Ioruach agus faoitíní gorma;

(m) san iascach grinnill le haghaidh colmóirí ag soithí a úsáideann spiléir (LLS) i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht langaí (*Molva molva*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, cainníocht nach mó ná 3 % de na gabhálacha bliantúla iomlána langaí a dhéantar san iascach grinnill sin;

(n) san iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB) ag a bhfuil mogallmhéid idir 80 agus 99 mm (TR2) i ranna 4b agus 4c ICES:

cainníocht bolmán (*Trachurus spp*.) nach mó ná 5 % de na gabhálacha bliantúla iomlána bolmán a dhéantar san iascach sin;

(o) san iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB) ag a bhfuil mogallmhéid idir 80 agus 99 mm (TR2) i ranna 4b agus 4c ICES:

cainníocht ronnach Atlantach (*Scomber scombrus*) nach mó ná 5 % de na gabhálacha bliantúla iomlána ronnach Atlantach a dhéantar san iascach sin;

(p) san iascach ina bhfuil trálaer peiligeach tionsclaíoch atá dírithe ar an bhfaoitín gorm i bhfolimistéar 4 ICES agus próiseáil a dhéanamh ar an speiceas sin ar bord chun bonn suiréime a dhéanamh:

cainníocht faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) nach mó ná 5 % de na gabhálacha bliantúla iomlána faoitíní;

(q) san iascach grinnill le tráil (OTB, OTM, OTT, PTB, PTM, SDN, SPR, SSC, TB, TBN) ar mó ná 70 mm a mogallmhéid i roinn 3a agus i bhfolimistéar 4 ICES a dhéantar faoi na coinníollacha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241:

cainníocht séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) nach mó ná 0,01 % de na gabhálacha bliantúla iomlána a dhéantar san iascach sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu faisnéis bhreise faoi chostais dhíréireacha a thacaíonn leis an díolúine a leagtar amach i bpointe 1 (j) a chur isteach tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2027. Déanfaidh CETEI measúnú ar an bhfaisnéis eolaíoch a thabharfar faoin 31 Iúil 2027.

*Airteagal 12*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN